

Eisiúint Nuachta

Dé Céadaoin an 28 Iúil 2021

Heartlands Sharon Shannon

Fáilte Ireland ag dul i bpáirt le TG4 do chlár
nua taistil agus ceoil



Tá Fáilte Ireland agus TG4 ag obair i gcomhar leis an gceoltóir mór le rá Sharon Shannon chun clár nua taistil agus ceoil, **'Heartlands'** a chur i láthair. Mar chuid den tsraith ceithre seachtaine, a thosóidh Dé Céadaoin an 11 Lúnasa, beidh Sharon Shannon agus neacht léi Caoilinn Ní Dhonnabháin ag cur réigiún abhainn na Sionainne ar fud Chroíthailte Ceilte na hÉireann os comhair an phobail. Beidh neart smaointe sa tsraith a thabharfaidh inspioráid duit i dtaobh saoirí gairide don samhradh agus don fhómhar, agus beidh sí ina spreagadh agus ina meabhrú do mhuintir na hÉireann tairbhe a bhaint as aoibhneas saoire sa bhaile in Éirinn.

Sceideal na gClár (sonraí iomlána sa Nóta d'Eagarthóir)

Clár 1: Dé Céadaoin an 11 Lúnasa – An Cabhán, Ros Comáin agus Liatroim

Clár 2: Dé Céadaoin an 18 Lúnasa – Liatroim, Ros Comáin, An Longfort agus An Iarmhí

Clár 3: Dé Céadaoin an 25 Lúnasa – An Iarmhí, Uíbh Fhailí agus Gaillimh

Clár 4: Dé Céadaoin an 1 Meán Fómhar – An Clár agus Tiobraid Árann

Rachaidh Sharon agus a neacht Caoilinn Ní Dhonnabháin ag crúsáil go mall ar an tSionainn go dtiocfaidh siad ar sheoda ceilte na hÉireann, fad a mbuailfidh siad le go leor cairde ceolmhara, amhail Liam O'Maonlaí (Hothouse Flowers), Steve Wickham (The Waterboys), Eleanor Shanley, Nathan Carter, Na Henshaws, Seamus Ó Beaglaoich, Mundy, Gerry 'Banjo' O'Connor agus Susan O'Neill.

Chun cur leis an rath a bhí ar fheachtas margaióchta intíre reatha Fáilte Ireland, 'Keep Discovering', craolfar an tsraith nua TG4 '**Heartlands**', i gcomhar le Fáilte Ireland, Dé Céadaoin an 11 Lúnasa ag 8.30pm, agus craolfar gach Céadaoin as sin go ceann ceithre seachtaine é. Cuireadh tacaíocht ar fáil don tsraith ó TG4, Fáilte Ireland, Uiscebhealaí Éireann agus na naoi nÚdarás Áitiúil ar fad le hais na Sionainne, ó Log na Sionna go Loch Deirgeirt (An Cabhán, Ros Comáin, Liatroim, An Longfort, An Iarmhí, Uíbh Fhailí, Gaillimh, An Clár agus Tiobraid Árann).

Dúirt Paddy Mathews, Ceann Oibríochtaí do Chroíthailte Ceilte na hÉireann:

"Is sraith nua iontach é Heartlands ina mbeidh meascán de cheol agus de thaisteal, tabharfar go leor seoda ceilte le taobh na Sionainne chun solais agus cuirfear cuid de na ceoltóirí is fearr dá bhfuil againn in Éirinn i láthair an lucht féachana ar an tslí. Leanfaimid Sharon Shannon agus a neacht Caoilinn Ní Dhonnabháin ó Log na Sionna síos an bealach ar fad go Loch Deirgeirt, agus is iontach an chaoi é seo chun Croíthailte Ceilte na hÉireann a chur i láthair an phobail ar bhealach a bheidh an-spéisiúil don lucht féachana."

Tabharfar cuairt ar roinnt láithreacha ar fud Chroíthailte na hÉireann sa tsraith 'Heartlands', agus roinnfear scéalta a bhaineann le seoda ceilte an réigiúin, mar aon leis na seoda nach bhfuil chomh ceilte sin. Beidh Sharon agus Caoilinn ag bualadh le cuid de na ceoltóirí is fearr in Éirinn i ngach ceann de na cláracha 30 nóiméad, fad a chuirfidh siad roinnt den iliomad roghanna saoire ar leith atá ar fáil in iúl don lucht féachana.

Is éard a dúirt Sharon Shannon maidir leis an mbaint atá aici leis an gclár '**Heartlands**':

"Ní thuigtear i gceart na seoda iontacha atá againn in Éirinn, agus go háirithe le taobh na Sionainne i gCroíthailte Ceilte na hÉireann, go dtí go bhfaightear deis breathnú thart ar an méid atá againn ar leac ár ndorais féin, deis mar a fuair mise. Chuir sé gliondar orm a bheith páirteach sa chlár iontach seo 'Heartlands', ina raibh deis agam an grá atá agam d'Éirinn agus don cheol a thabhairt le chéile i gcomhar le Fáilte Ireland agus TG4, agus molaim do gach duine dul agus na nithe ar fad atá le feiceáil agus le déanamh taobh na Sionainne a aimsiú dóibh féin."

Dúirt Proinsias Ní Ghráinne, Eagarthóir Coimisiúnaithe, TG4: ***"Is sraith an-siamsúil í Heartlands atá léirithe ar bhealach atá tarraingteach don tsúil, agus téann sí go croí cheol agus scéalaíocht na hÉireann ar bhruach na Sionainne. Cuireann sé lúcháir ar TG4 a bheith in ann a leithéid d'ábhar ceoil ar ardchaighdeán a chur isteach i gceithre chlár leath uair an chloig lena gcráladh le linn phríomham sceidil TG4. Mo cheol sibh!"***

Sheol Fáilte Ireland 'Croíthailte Ceilte na hÉireann sa bhliain 2018, mar an branda turasóireachta is déanaí dá chuid, chun beocht a chur in acmhainní nádúrtha saibhre Lár na Tíre, lena n-áirítear na lochanna, siúlbealaí agus gormbealaí ar fad atá ann. D'aithin sé treocht turasóireachta a bhí ag méadú i dtaobh eachtraíocht bhog agus bhain sé leas as trí cuairteoirí a spreagadh le bheith 'gníomhach sa nádúr' agus taiscéalaíocht a dhéanamh sa réigiún ar an leathimeall leis an tSionainn ina cuid lárnach den bhranda chun deiseanna turasóireachta a bhrú chun cinn ar an uisce agus amuigh as an uisce araon, agus sna bailte móorthimpeall uirthi.

CRÍOCH

Lean muid ar Twitter [@Fáilte_Ireland](#)

Chun breis eolais a fháil déan teagmháil le:

Catherine Whelan, Fáilte Ireland, 087 6449572, catherine.whelan@failteireland.ie

Nótaí d'Eagarthóirí:

Fáilte Ireland

Is é ról Fáilte Ireland, mar an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, tacú le fás inbhuanaithe fadtéarma a mhéid a bhaineann le rannchuidiú eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus comhshaoil na turasóireachta in Éirinn. Tá an turasóireacht fíorthábhachtach i dtaca leis an ngeilleagar náisiúnta agus i dtaca le forbairt réigiúnach agus fostaíocht. Roimh an gcoróinvíreas, ghin an earnáil ioncam €7.5 billiún in aghaidh na bliana agus thacaigh sí le 260,000 post ar fud na tíre agus chuir sí €1.7 billiún ar fáil don Státchiste.

Oibrímid i gcomhar leis an Rialtas, gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, grúpaí ionadaíochta agus tionsclaíocht chun turasóireacht a fhorbairt ar fud na hÉireann trí phleananna forbartha cinn scríbe agus líonraí a chruthú agus trí infheistiúocht a dhéanamh i mbonneagar, i ngníomhaíochtaí, i dtaitneamhachtaí cuairteora agus i bhféilte. Soláthraíonn Fáilte Ireland léargais maidir le tomhaltóirí agus ceannaitheoirí, meantóireacht, tacaíochtaí gnó agus cláir oiliúna chun cabhrú le gnóthaí turasóireachta nuáil a dhéanamh agus chun cabhrú leo fás.

Ina dteannta sin, tacaíonn Fáilte Ireland le Turasóireacht Gnó, ag déanamh bainistiú ar an bpróiseas tairisceana agus daingnithe i ndáil le comhdhálacha móra, cruinnithe agus imeachtaí a óstálfar in Éirinn.

Tá freagracht orainn i ndáil le margaiócht saoire intíre a mhéid a bhaineann le ceithre bhranda eispéiris réigiúnacha, mar atá: Slí an Atlantaigh Fhiáin, Oirthear Ársa na hÉireann, Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Baile Átha Cliath.

Sceideal na gClár

Clár 1: Dé Céadaoin an 11 Lúnasa

Tabharfaidh Sharon cuairt ar Chontae an Chabháin, Contae Ros Comáin agus Contae Liatroma.

- Log na Sionna le Manchán Magan
- Labhróidh Caoilinn le Steve Wickham/Liam Ó Maonlaí ag Caisleán Chill Rónáin
- Tabharfaidh Sharon & Caoilinn cuairt ar an Shed Distillery i nDroim Seanbhó
- Buailfidh siad leis an bpíobaire Ronan Browne i mBéal Átha an Chatha
- Labhróidh Eleanor Shanley in Cryan's, Cora Droma Rúisc

Clár 2: Dé Céadaoin an 18 Lúnasa

Tabharfaidh Sharon cuairt ar Liatroim, Ros Comáin, An Longfort agus An Iarmhí

- Margadh Feirmeoirí Chora Droma Rúisc
- Teach agus Gairdíní Bhéal na mBuillí
- Caint agus ceol le Nathan Carter ag Caladh Richmond
- Bay Sports ag Bá Hodson
- Caint agus ceol le Muintir Henshaw

Clár 3: Dé Céadaoin an 25 Lúnasa

Tabharfaidh Sharon cuairt ar an Iarmhí, Uíbh Fhailí agus Gaillimh

- Rachaidh siad trí Bhaile Átha Luain - Celtic Roots Studio
- Tabharfaidh siad cuairt ar Chluain Mhic Nóis, Uíbh Fhailí
- Comhrá agus ceol le Seamus Ó Beaglaoidh ag Luker's, Droichead na Sionainne
- Cuairt ar Chaisleán Phort Omna
- Pallas Karting
- Caint agus ceol le Mundy ag Pod Umna, sráidbhaile glampála

Clár 4: Dé Céadaoin an 1 Meán Fómhair

Tabharfaidh Sharon cuairt ar Chontae an Chláir agus Contae Thiobraid Árann

- Cuairt ar Loch Deirgeirt agus ar Inis Cealtra
- Comhrá agus ceol le Gerry Banjo O'Connor i nGarraí Uí Chinnéide, Tiobraid Árann
- Béal Bórú le hAindrias de Staic
- Caint agus ceol le Susan O'Neill i mBéal an Átha/Cill Dalua